SCÉAL

Coiscéim San Oíċe

Sean ḟear críonna cáite is ea mise anois agus níl tada le déanaṁ agam aċ mo píopa a ċaiteaṁ. Is minic a ḃailíonn na páistí óga isteaċ ċugam san oíċe ċun scéal a ċloisint. An scéal a ṫaitníonn leo go h-an ṁaiṫ is ea an scéal faoi an oíċe a ċonaic mé an taiḃse nuair a ḃí mo ċompánaiġ agus mé féin ag teaċt abaile ón na pictiúirí. Má ḟanann tú cúpla noiméad ċun go lasfaiḋ mé mo píopa, inseoiḋ mé an scéal duit féin díreaċ mar a ṫárla sé.

Oíċe ḃreá a ḃí ann nuair a d'ḟágamar teaċ na bpictiúirí. Ḃí an spéir lán de realta agus ḃí an ġealaċ ag taitneaṁ go soiléir san spéir. Aċ níor ṁair an oíċe ḃreá i ḃfad, mar ní raiḃ aċ cúpla slat siúlta againn nuair a d'éiriġ an spéir dorċa agus níorḃ ḟada gur ċualamar an tóirneaċ agus ċonaiceamar an tinteaċ. Do ṫosnaiġ sé ag cur baistí go trom; ḃí sé ag teaċt anuas ar nós uisce tré ċriatar. Riṫeamar faoi ċrann aċ ansin ċuimneaṁar go raiḃ sé contúirteaċ ḃeiṫ faoi ċrann i dtintreaċ.

Ḃí sean teaċ cúpla slat uainn agus riṫeamar ar nós na gaoiṫe ċuig an teaċ agus ċuamar isteaċ trí ḟuinneóg gan gloine. Do leán an ḃaisteaċ ar feaḋ na h-oíċe agus ḃí línte uisce i ngaċ áit. Ḃí fios againn naċ mbéimis ábalta dul abaile agus go mbéaḋ orainn fanúint sa teaċ. Rinneamar leabaí as an tuí a ḃí san urlár agus do ċuamar a ċodlaḋ ann.

Níorḃ ḟada gur dúisiġ muid, leis an toran ón seomra ṡuas staiġre. Ḃí fios againn ó ċúma an tí naċ raiḃ éinne ina ċónaí ann, aċ cé ḃí ag déanaṁ an torann sin go léir? Leis sin ċualamad na coisċéime ag teaċt anuas an staiġre, coiscéime mall láidre ab ea iad. Ḃí eagla an domhain orainn aċ ní raiḃ an neart againn ċun a riṫ amaċ as an teaċ mar ḃíomar go léir lag leis an eagla. D'ḟanamar go ciúin agus ní raiḃeamar ábalta aċ ár ḃorraḋ a ċloisint agus ḃí sin lag go leor. Ansin stáḋ na coiscéime agus do laḃair glór a rá linn. "Dul amaċ amaċ as an teaċ—dul amaċ, go tapaí."

Ansin ċonaiceamar fear ag bun na staiġre, agus ḃí sé ag teaċt ċugainn. Rinneamar iarracht an é a ḟáil aċ ċeip orainn, mar gaċ am a ḃíomar cinnte go raiḃ sé againn, d'éalaiġ sé uainn agus ní raiḃeamar ábalta ár láṁa a ċur air. Go tobann d'imiġ sé aċ ní raiḃ fios againn cad a ṫárla dó. Riṫeamar go léir as an teaċ, agus ḃíomar brúite agus ag cur fola.

Riṫeamar ar nós na gaoiṫe ċuig ár dteaċ féin, agus níor ḟéaċamar in ár dtimpeall go dtí go raiḃeamar laistiġ den doras. Nuair a d'insíomar an scéal d'ár n-aṫair rinne sé gáire agus dúirt sé gur ag brionglóidí a ḃíomar. Aċ ḃíomar cinnte gur taiḃse a ḃí ann agus níor d'aṫraiġ éinne ár n-intinn.

Ní gá dom a rá nár ċuaiġ mo ċompánaiġ ná mé féin isteaċ san teaċ sin a ċoíċe. Sin deire an scéil agus beiḋ ort dul abaile anois nó b'ḟéidir go ḃfeicfiḋ tú féin taiḃse ar an mbealaċ.

Patrís Ní Dúḃaí, Clocar Marist, Baile Ċaṫail, Co. Ṁuiġeo.

Loċ an Iúir

Ceapaḋ Máirtín Nialand, Ardrahan, Co. na Gaillimhe, mar ṁúinteoir tuaiṫ-eolaíoċt ag Loċ an Iúir, mar ṫá Dónal Mac Suiḃne ag teagasc lán-aimsireaċ anois i nGort a' Coirce. Leis an freastal mór atá san scoil sin, ceapaḋ Pádraig S. Cualter, Baile Ċláir na Gaillimhe, mar ṁúinteoir Gaeilge agus áḃar tráċtála ag Loċ an Iúir.

Leaṫnaċ na nÓg

Litir an spéisiúil agam ó Éamon Mac an Rí, ina ndeir sé naċ iad na Coláiste Iolscoile an t-aon áit aṁáin a níos díḃeagú ar náisiúntaċt agus traidisiún na hÉireann, agus go h-áiriṫ, an Gaeilge agus Gaelaċas.

Cad ċuige, adeir sé a mbíonn muintir Telefís Éireann, ag cur ceisteanna mar cé'n Admiral a ġlac ceannas cablaċ na Sasana nuair a fuair Nelson bás, agus a leiṫéidí eile. Do daoine a bíonn istiġ ar comórtaisí ar Telefís Éireann. Ní smaoineófaí ar a leiṫéid de ċeisteanna amaideaċa fá tír eile, a bur ar telefís aon tíre eile.

Tá an ceart ag Éamon ar ndóiġe, aċ sé bun agus bárr an scéil é, naċ ḃfuil Telefís Éireann ag baint leis an tír seo, aċ aṁáin in ainm, agus go ḃfuil sé ag léiriú agus bunaiṫe ar an ġnáṫ eolas a beaḋ ag Sasanaċ óg. Is trua gur mar sin atá, aċ níl aon gar é séanaḋ. Dá mbeaḋ telefís ceart againn, ar ndóiġ, le trí bliana, ba ċinnte go mbeaḋ sraiṫ éaċtraí, bunaiṫe ar scéalta na Féinne agus scéalta na Craoḃ Ruaiḋe, gan tráċt ar na Rapairí, mar Gallop-ing Hogan, agus an Cúnt Ó hAnnluain, in ionad a ḃeiṫ ag braṫ ar scéalta dara-láiṁ nó cúigiú láiṁ, as Meiriceá nó tíorṫa eile, dár n-aos óg.

Is trua le rá go ḃfuil cuma air go bpiocann siad an luċt féaċana agus an luċt éisteaċta ag imeaċtaí mar seo, mar is cosúil naċ ligeann siad isteaċ, nó naċ bpiocann siad aon duine a ḃfuil mórán eolais acu ar stair, nó cultúr na hÉireann. Ar ndóiġ, tá cuid mór de na Gaeil, idir óg agus sean, naċ mbaineann leis an stáisiún, nó aon rud a bíonn ar siúl acu, ar ċor ar biṫ.

Deir Arlene Nic Aoḋa, as Eadan Doire, liom, go ḃfuil lúṫár mór ar luċt na h-ard-teistiméireaċta ansin, go mbeiḋ cúrsa ar leiṫ díoḃṫa i gColáiste Cróna, an bliain seo ċugainn, ⁊ tá an scéal céanna ó Ḃaile Ċaṫail, ċoṁ maiṫ. Deirtear go ḃfuil siad ana ġnóṫaċ ansin ag ullmú do ard-teistiméireaċt na bliana seo ċugainn.

An ceart níos mó spórt agus cleasa lúṫ agus caiteaṁ aimsire a ḃeiṫ i Meán-Scoltaċa na hÉireann? Sin ceist a ṫóg buaċaill naċ maiṫ leis a ainm a lua, liom. Deir sé go mbíonn na scoltaċa cónaí go réasúnta maiṫ, aċ i gcás na scoltaċa lae, gur beag an faill a geiḃ siad fá ċoinne oiliúint colna, ná cleasa lúṫ nó cluiċí de ċineál ar biṫ.

Is trua é má tá sé fíor. Ba ṁaiṫ liom tuairimí daoine eile a ḟáil faoin scéal, agus tuairimí na gcailíní ċoṁ maiṫ. Go speisialta, ba ṁaiṫ liom tuairimí cailíní ḟáil faoi, mar is ceist é a bíonn á plé go minic.

Tá toraḋ maiṫ ar an comórtas scéalaíoċta agus scéalta ag teaċt isteaċ go rialta. Tá fáilte rompa, agus foilseófar ceann anois agus arís, de réir mar bíonn spás.

— — —

Comórtaisí na seaċtaine seo:-

Sinsear:

Cuntas ar mar ċaiṫear an Nollaig i dtír iasaċta éigin.

Sóirsear:

Soilse maisiṫe um Nollaig.

— — — — — — — — —

Cupón

AMÁRAĊ

3-12-1965.

— — — — — — — — —

Is Ṁaiṫ Liom Eolaíoċt

"Aoiḃinn beaṫa an scoláire a ḃíos ag déanaṁ léinn." Seo an fírinne liom agus níl aon dul as.

Taiṫníonn beagnaċ gaċ áḃar scoile liom aċ dá mbeaḋ mo roġa agam sílim go dtógfainn eolaíoċt. Tríd is tríd níl áḃar níos deise nó níos suimiúla ná ceart go leor caiṫfiḋ intleaċt maiṫ a ḃeiṫ agat ċun eolaíoċt d'foġlaim agus foġlaimíonn níos mó buaċaillí eolaíoċt ná cailíní.

I gcónaí beagnaċ bíonn rang eolaíoċta an tsuimiúl go h-áiriṫe má bíonn turgnaṁ á déanaṁ againn, agus de gnáṫ bíonn. Is aoiḃinn liom dul isteaċ ċuig rang eolaíoċta agus gaċ rud d'ullmú ċun turgnaṁ do déanaṁ. Bíonn muid ag fanaċt go mí-ḟoiġneaċ le deireaḋ an turgnaṁ féaċaint cé'n toraḋ a ḃeas leis nó an éireoiḋ leis. Uaireanta ní éiríonn linn aċ an ċuma ar biṫ déanann muid iarraċt eile ag an céad rang eile.

Faoi láṫair tá tionsenaṁ á déanaṁ againn san rang. Tá cuid acu críoċnaiṫe agus tá siad tar insint scéil. D'ḟonn tástála ġeiḃeann muid amaċ a lán eolais mar sampla conas galúnaċ do déanaṁ. Tugann sé triteaṁ duit nuair a ḟeiceann tú galúnaċ a rinne tú féin.

Tá mé ag déanaṁ potadóireaċt san rang. Tá sé sin an tsuimiúl ar fad agus tá a lán eolais agam anois naċ raiḃ agam sula a ṫosaiġ muid na tionscnaiṁ.

Doṁnaċ is dálaċ bíonn caint ar an radio agus ar an telefís faoi fionnachtaí nua ag baint le h-eolaíoċt. Buel nuair atá eolaíoċt á foġlaim agat ar scoil bíonn fios agat go maiṫ cé'n t-áḃar cainte atá ar siúl. Tairis sin, bíonn mínú focail ar eolas agat, focail naċ mbeaḋ ar eolas agat dá mba rud é naċ raiḃ tú ag déanaṁ staidéar ar an eolaíoċt an áḃar scoile fearr liom.

Máire Ní Lionnáin, Clocar Íosa 's Muire, Cros Uí Ṁaoilíona.

Scoil Cloċair Naoṁ Eoin le Dia,
Eadan Doire,
15-11-65.

A Duine Uasail,

Nuair a léiġ muid AMÁRAĊ inniu, ḃí áṫas mór orainn a ċloisteáil go ḃfuil tú ag beartú cúrsa a ċur ar fáil dúinn-ne an bliain seo ċugainn. Ba ṁaiṫ liom féin dul arais go Coláiste Cróna agus deireann na cailíní eile an rud céanna.

Táimid ag obair go crua iḋ mbliana. Glacamar le do plean agus anois sé an Céadaoin "Lá na Gaeilge" anseo. Rinne an tSr. M. Treasa Seosaṁ cánta ċun é a ċur i gcuiṁne dúinn agus cuireann sí é ag barr an staiġre maidin Dé Céadaoin.

Ní féidir linn dearmad a déanaṁ de Ċoláiste Cróna, mar tá pictiúirí de ar crocaḋ ar na ḃallaí már seomra.

Táimid ag tnú le laeṫe saoire na Nollag, aċ tá na triaileaca le teaċt roiṁe sin.

Mise, le meas mór,

Arlene Ní Aoḋa.

Is Glas Iad na Cnoic i bhFad Uainn

Seanḟocal é seo naċ gcuireann stró ar biṫ ar duine ċiallmar a ḃrí a ṫaḃairt dó is a ṫuiscint go furasta, ní h-ionann is cuid eile des na seanḟocail. Is féidir linn é a rá i dtaoḃ mórán de niṫe, agus go speisialta i dtaoḃ an imirce.

Mórán des na daoine a ṫéann ṫar lear ceapann siad go mbeaḋ saol an ṁada bán acu dá mbeaḋ siad imiṫe as an tír seo. Naċ amaideaċ a bíonn cuid againn — ag fágáil ár dtír dúċais gan cúis dá lagaḋ againn.

Tír aoiḃinn álainn le cónaí innte is ea Éire. Bíonn boige agus cneastaċt san aer agus síṫ agus suaimneas le braiṫ ḃ' timpeall, go mór mór in ard an tráṫnóna le buíḋ gréine ṫiar, an uair bíonn loinnir álainn de ḋearg, de ġorm agus de ḃuí ag pógairt slán na gréine linn taréis an lae. An mbíonn an radarc aoiḃinn álainn seo le feiceáil in aon tír eile san doṁan mór. Sé mo ṫuairim láidir naċ mbíonn.

Naċ deas an rud ḃeiṫ ábalta na gorta glasa, na sléiḃte maorga, na cnoic agus na gleannta, na h-aiḃneaċa ag sliobaḋ tríd na gleannta agus na loċa leata amaċ anseo agus ansúd mar ḃeaḋ scoil draíoċta san dúṫaiġ ṫar timpeall a feiceáil, seaċas ḃeiṫ ag féaċaint ar bruscar agus deataċ na gcaṫraċ? Ní dóiġ liom go ḃfuil tír ar biṫ eile san doṁan ina mbíonn ceol na n-éan le clos, na crónán na mbeaċ ar ċóir na meala ó ḃláṫ go bláṫ, ná crónán easa ag gluaiseaċt le fána le clos.

Daoine breáṫa láċa is ea muintir na hÉireann. Táid fial fáilteaċ. Gealgáireaċ agus láidir. Ag déanaṁ seancais leo ġeoḃair éireaċt agus ciall, ġeoḃair pleasúnaċt agus tuiscint uaṫa. Ġeoḃair fásta, deisbeal agus greann uaṫa. Dár leatsa, an mbeaḋ na niṫe uilig sin le fáil ṫar lear. Dá gcuirfeaḋ an ceist sin orṁsa, sé an freagairt a ṫaḃairfeaḋ mise ar ná "ní ḃeaḋ."

Níl mé ag rá anois gur ceart do gaċ duine fanaċt san tír. Muna mbeaḋ an imirce cad a déanfaimís; b'ḟéidir go mbeaḋ gorta eile arís, agus féadaim a rá go cinnte naċ mbeaḋ mórán des na tionscail atá ar siúl againn an lá atá inniu ann muna raiḃ sé againn, aċ mar an gcéanna imíonn mórán agus fágann siad postanna maiṫe ina ndiaiḋ.

Tá mé beagnaċ cinnte, nuair a líonn duine imiṫe as a tír dúċais ar feaḋ tamaill ḃig, is ansin a ṫuigeann sé ḃrí an seanḟocal sé i gceart. Is ansin a bíonn fios aige naċ raiḃ an tuiscint ceart aige ar an imirce sular fág sé Éire. Beaḋ áṫas agus gliondar croí ar an duine céanna dá mbeaḋ sé ṫar n-ais, aċ mo léan, ní bíonn an faill sin aige i gcónaí.

Bíonn deacair mór ag an cuid is mó acu obair oiriúnaċ a ḟáil ansin taréis na bliantaí fada staidéir. Má geiḃeann siad post agus páiġ maiṫ as, bíonn orṫú obair cruaiḋ a déanaṁ. Dá mbeaḋ siad sin sa mbaile ní béanfaḋ siad obair leaṫ ċoṁ cruaiḋe, agus mar sin ní ṫaitníonn obair le duine falsaċ. Ní h-ionann sin agus a rá go ḃfuil gaċ duine a ṫéann as an tír falsaċ, aċ an oireaḋ.

Anois críoċnóiḋ mé leis an bpíinnte seo — cuid des na daoine naċ mbíonn post le fáil aċ, nó naċ mbíonn faill acu dul abaile, tosnaíonn siad ar droċ rudaí do déanaṁ, tosnaíonn siad ar ól agus ag déanaṁ gaċ rud ní ba measa ná a céile. Anois níl mé ag rá gurḃ é an imirce aṁáin a ba cúis le seo, aċ ceapaim gurḃ é seo an cúis ba mó agus easpa eolais an ceann eile.

Caitlín Ní Raḃartaiġ. Coláiste Muire, Baile 'n Móta, Co. Sligiġ.

Rúairí Mac Easmain — Taca na Gaeilge

Ċuir Ruairí Mac Easmain an tsuim sa nGaeilge agus i gcúis na Gaeilge. Deirtear gur de ṫaisme a ċuir sé suim sa nGaeilge i dtosaċ agus gurḃ ó a suim sa teanga a tarraing isteaċ sa ngluaiseaċt náisiúnta é an céad lá.

Deirtear go raiḃ Ruairí Mac Easmain ar a bealaċ isteaċ go Ráṫ Fearnáin ó siúlóid sna cnoic tráṫnóna aṁáin agus ag gabáil ṫar teaċ dó ċuala sé ceol Gaelaċ ag teaċt as. Ḃuail sé isteaċ sa tteaċ agus fuair sé scaṫa daoine óga ann ag foġlaim don Gaeilge agus ḃí ann Piarsaċ ina measc. Ó sin amaċ ċuir Mac Easmain go leor suime sa nGaelaċas.

Ḃíoḋ grá an-ṁór ag Mic Easmain do Ṫír Ċonaill agus is minic a ṫug sé cuairt air. Tugaḋ sé cuairt go dtí na scoileanna i dTuḃaraḋ agus ḃí sé airgeaḋ de na múinteoirí ċun milseáin agus ruḋaí eile do ċeannaċt i gcóir na páistí.

Tá cur síos ar an méid oibre a rinne sé ar son na Gaeilge i Leaḃar Cuiṁneaċán Coláiste Uladh. Seo mar atá scríofa:—"Ḃí an Gaeilge dá teagasc mar ḃreis-áḃar i gcuid de scoltaċa Ċloiċeannaola go dtí 1907 nuair a cuireaḋ clár dá-ṫeangaċ i bḟeiḋm an céad uair. Ḃí suim mór ag Ruairí Mac Easmainn in cúrsaí dá-ṫeangaċ agus gaċ ḃí sin nuair a ṫagaḋ sé go dtí an áit bronnaḋ sé suim airgid ar scoltaċa dá-ṫeangaċa na paróiste le duaiseanna a ṫaḃairt do na scoláirí ab' fearr Gaeilge. Rinne sé an rud céanna ins na scoileanna i gConamara freisin agus bunaiġ sé Coláiste Samhraiḋ ċun an Gaeilge a múineaḋ ionta. Mar sin feicimid naċ mbeaḋ an Gaeilge scriosḃaoilte ar fud na tíre ċoṁ maiṫ is atá sé, gan an cabair a ṫug "Ruairí na nGael" don obair. Ní gan fáṫ a tugaḋ an ainm "Ruairí na nGael" air os rud é gur ċabair sé go mór le'n ár dteangaċúcais.

Eiḃlín Ní Scannláin, Coláiste Muire, Baile 'n Móta, Co. Sligiġ.

"ÁṪAS MÓR ORAINN"

Rann na Feirste

Tá obair do aċan duine in monarcan na mbréagán i gCroíslí na laeṫa seo, agus tá cuid maiṫ ag obair ag déanaṁ suas agus ag cur ċun bealaí ordaiṫe bréagáin agus eile, do tráṫṫáil na Nollag.

Tá cuid mór de ċáirgeaḋ na monarcan seo ag dul ṫar sáile anois mar ollmuiriċe. Tá os cionn 40 oibriċe ag obair sa monarcan san am i láṫair.

Cloċán Liaṫ

Ag an Ċúirt Dúiċe i Meaċus Troim, cáineaḋ Seán Ó Muineaċáin, Ḃóṫar an Ċaoráin Móir, an Cloċán Liaṫ £1 as an teora luas 30 míle san uair a ṡárú. Ṫug an Garda Ó Maolḃuaiġ fianaise gur stop sé Ó Muineaċáin agus nuair a stop sé, gur dúirt Ó Muineaċáin, "Ní faca mé tú am."